



An Bhruiséil, 16 Aibreán 2025  
(OR. en)

8141/25  
ADD 1

MI 224  
ETS 10  
COMPET 271  
VETER 44  
DELECT 42

## NÓTA CLÚDAIGH

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	10 Aibreán 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2025) 2128 final - ANNEX
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Treoir Tharmligthe ón gCoimisiún lena leasaítear Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na híoscheanglais oiliúna le haghaidh ghairm an tréidlia

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 2128 final - ANNEX.

---

Faoi iamh: C(2025) 2128 final - ANNEX



An Bhruiséil, 10.4.2025  
C(2025) 2128 final

ANNEX

## **IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Treoir Tharmligthe ón gCoimisiún**

**lena leasaítear Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na híoscheanglais oiliúna le haghaidh ghairm an tréidlia**

## IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn V,

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5.4.1:

‘5.4.1 Clár staidéir do thréidlianna

Áireofar na hábhair a liostaítear anseo a leanas ar a laghad leis an gclár staidéir as a dtiocfaidh fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla sa tréidliacht.

Féadfar ceann amháin nó níos mó de na hábhair sin a theagasc mar chuid de chúrsaí eile, nó i gcomhcheangal leo.

A.

Na Bunábhair

- Físic
- Ceimic
- Bitheolaíocht ainmhithe agus ceall
- Bitheolaíocht plandaí
- Bithmhatamaitic

B.

Ábhair shonracha

a. Na Buneolaíochtaí:

- Anatamaíocht (lena n-áirítear histeolaíocht agus sutheolaíocht)
- Fiseolaíocht
- Bithcheimic
- Géineolaíocht agus géineolaíocht mhóilíneach
- Cógaisíocht, cógaseolaíocht agus cógasteiripe (lena n-áirítear frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha)
- Tocsaineolaíocht
- Micribhitheolaíocht
- Imdhíoneolaíocht
- Eipidéimeolaíocht
- Eitic ghairmiúil

b. Na heolaíochtaí cliniciúla:

- Obstatraic
- Paiteolaíocht (lena n-áirítear anatamaíocht phaiteolaíoch)
- Seadeolaíocht
- Leigheas cliniciúil agus máinliacht chliniciúil (lena n-áirítear ainéistéitic)
- Léachtaí cliniciúla maidir leis na hainmhithe, éanlaithe clóis agus speicis ainmhithe éagsúla eile
- Leigheas coisctheach

- Íomháu diagnóiseach
- Neamhoird atáirgthe agus síolraithe
- Tréidliachta stáit agus an tsláinte phoiblí
- Reachtaíocht tréidliachta agus míochaine tréidliachta fhóiréinseach

- Teiripic
- Réamheolaíocht

c. Táirgeadh ainmhithe

- Táirgeadh ainmhithe
- Cothú ainmhithe
- Agranamaíocht
- Eacnamaíocht na tuaithe
- Feirmeoireacht ainmhithe agus sláinte tréada a bhainistiú
- Sláinteachas tréidliachta
- Leas, eiteolaíocht agus cosaint ainmhithe

d. Sláinteachas bia

- Cigireacht agus rialú ar bheatha ainmhithe nó bia-ábhar de bhunadh ainmhíoch
- Sláinteachas bia, teicneolaíocht agus micribhitheolaíocht bhia
- Obair phraiticiúil (lena n-áirítear obair phraiticiúil in áiteanna ina maraítear ainmhithe agus ina bpróiseáiltear bia-ábhair)

Féadfaidh an oiliúint phraiticiúil a bheith i bhfoirm tréimhse oiliúna, ar an gcoinníoll go mbeidh an oiliúint sin ar siúl go lánaimseartha agus faoi smacht dhíreach an údaráis inniúil, agus nach mbeidh sé níos faide ná sé mhí laistigh den tréimhse staidéir cúig bliana.

Beidh cothromaíocht ann idir an oiliúint theoriciúil agus an oiliúint phraiticiúil sna grúpaí éagsúla ábhar agus beidh an oiliúint féin comhordaithe ar bhealach a fhágfaidh go bhféadfar an t-eolas agus an taithí a fháil ar bhealach a chuirfidh ar chumas tréidlianna a gcuid dualgas go léir a chur i gcrích.